C/2025/6707

16.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6707)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Danbo'

Uimhir thagartha AE: PGI-DK-00830-AM01 — 16.9.2025

1. **Ainm an táirge**

'Danbo'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Danmhairg

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

Fødevarestyrelsen (Riarachán Tréidliachta agus Bia na Danmhairge)

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Baineann na leasuithe le hathruithe eagarthóireachta agus nuashonruithe nach bhfuil aon mhórthábhacht ag baint leo don ainm.

Ní thagann an t-iarratas ar thásc geografach faoi chosaint Danbo a leasú faoi aon cheann de na trí chás dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ar leasú ar leibhéal an Aontais é le haghaidh táirgí talmhaíochta, is é sin:

(a) athrú ar ainm nó ar úsáid an ainm;

(b) baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

(c) srianta breise i dtaca le margú an táirge.

Dá bhrí sin, aicmítear na leasuithe ar shonraíocht táirge an táisc gheografaigh faoi chosaint Danbo mar leasú caighdeánach de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar Roinn 2, ‘Tuairisc ar Danbo’, den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasaíodh na focail ‘Cáis theann aibithe a dhéantar as bainne de bhunadh bó-ainmhithe. Ní cheadaítear bainne ná táirgí bainne ó ainmhithe eile.’

chuig seo a leanas:

‘Cáis theann aibithe a dhéantar as bainne bó.’

Cúis: Is é is cuspóir don leasú an téacs a shimpliú, gan a bhunús a athrú.

Is é an toradh atá ar an leasú sin athrú ar Roinn 4.2, ‘Tuairisc ar an táirge talmhaíochta a bhfuil feidhm ag an ainm cláraithe maidir leis’, den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Roinn 2.1, ‘Comhdhéanamh’, den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Scriosadh an mhír dheireanach, ‘Sloinntear an tsaill i gcion ábhair thirim mar 30+ nó 45+. I gcáiseanna Danbo ina bhfuil 30 % go < 45 % de shaill in ábhar tirim, ní mór an cion saille a léiriú mar chuid den ainm. Úsáidtear 45 % de shaill i gcion ábhair thirim mar thagairt do mhaíomh comparáideach maidir le cothú i dtaca le cion saille.’

Cúis: Scriosadh an téacs toisc go meastar go bhfuil sé iomarcach. Thairis sin, níor cheart an tsaill i gcion ábhair thirim a léiriú in éineacht leis an ainm Danbo, ar cheart dó a bheith le feiceáil ina aonar.

Is é an toradh atá ar an leasú seo athrú ar an bpointe maidir le comhdhéanamh i Roinn 4.2, ‘Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe’, den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar phointe maidir le struchtúr i Roinn 2.2, ‘Saintréithe’, den tsonraíocht táirge.

Tuairisc

Sa dara habairt, cuirtear na focail ‘tá cuimín’ in ionad ‘tá blastáin’.

Cúis: Is gléghlanadh é sin, ós rud é gurb é cuimín an t-aon bhlastán a cheadaítear.

Is é an toradh atá ar an leasú seo athrú ar an bpointe maidir le struchtúr i Roinn 4.2, ‘Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe’, den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar phointe maidir le haibiú i Roinn 2.2, ‘Saintréithe’, den tsonraíocht táirge.

Tuairisc

Leasaíodh na focail seo a leanas sa chéad mhír:

‘Baintear blas agus uigeacht shainiúil Danbo amach tar éis an aibithe ar feadh 3-4 seachtaine ag 12-20 °C.’

chuig seo a leanas:

‘Baintear blas agus uigeacht shainiúil Danbo amach tar éis an aibithe ar feadh 2-4 seachtaine ag 7-21 °C.’

Cúis: Athraíodh an teocht stórála chun an bealach ina mbaintear amach blas agus uigeacht shainiúil Danbo a chur san áireamh. Leis na hathruithe ar na forálacha stórála, is féidir úsáid níos fearr a bhaint as toilleadh stórála na ndéiríochtaí freisin. Léirigh trialacha agus tástálacha praiticiúla, lena n-áirítear tástálacha ar bhlasanna agus tú dall, nach ndéanann na dálaí stórála modhnaithe difear do shaintréithe Danbo.

Is é an toradh atá ar an leasú sin athrú ar an bpointe maidir le haibiú i Roinn 4.2, 'Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe', den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar phointe maidir le haibiú i Roinn 2.2, 'Saintréithe', den tsonraíocht táirge.

Tuairisc

Scriosadh na focail 'féadfar Danbo a sheoladh ón monarcha táirgthe le haghaidh tuilleadh próiseála, lena n-áirítear aibiú, nó lena stóráil ag monarcha eile sula mbeidh na haoiseanna thuasluaite bainte amach aici, ach ní fhéadfaidh sí an dara monarcha a fhágáil sula mbeidh an aois íosta slánaithe aici.'.

Cúis: Scriosadh an téacs toisc gur aistríodh an fhaisnéis go Roinn 5 den tsonraíocht táirge maidir leis an modh táirgthe.

Is é an toradh atá ar an leasú sin athrú ar an bpointe maidir le haibiú i Roinn 4.2, 'Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe', den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar phointe maidir le blastáin eile a fhéadfar a chur le Roinn 2.2, 'Saintréithe', den tsonraíocht táirge.

Tuairisc

Leasaíodh na focail 'féadfar cuimín a chur isteach ar choinníoll go bhfuil sin ina chomhartha sóirt ag boladh agus blas na cáise agus go bhfuil an blastán fíor-riachtanach san ainm nó go léirítear é i ndáil leis.'

chuig seo a leanas:

'Féadfar cuimín a chur isteach ar choinníoll go bhfuil sin ina chomhartha sóirt ag boladh agus blas na cáise.'

Cúis: Scriosadh an téacs toisc go mbaineann sé le lipéadú. Aistríodh an fhaisnéis go Roinn 8 den tsonraíocht táirge maidir le lipéadú.

Is é an toradh atá ar an leasú seo athrú ar an bpointe maidir le blastáin eile a fhéadfar a chur le Roinn 4.2, 'Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe', den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Roinn 4, 'Cruthúnas tionscnaimh', den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasaíodh na focail 'Ní mór gach táirgeoir Danbo a bheith réamhfhormheasta ag an deimhniú agus ag an gcomhlacht deimhniúcháin (féach Roinn 7 thios). Áirítear le seiceálacha ina dhiaidh sin cigireacht ar tháirgeadh agus seiceálacha ar tháirgí bunaithe ar na ceanglais táirgthe agus táirge a leagtar síos sa tsonraíocht táirge.

Ón déiríocht, déantar na cáiseanna a lipéadú i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair chun a áirithiú gur féidir iad a rianú siar go dtí an déiríocht. Déanann na húdaráis faireachán ar an lipéadú.

Féach Iarscríbhinn 1 — tuairisc ghairid ar na seiceálacha.'

chuig seo a leanas:

'D'fhorbair Dane Rasmus Nielsen Danbo ag déiríocht Kirkeby ar Fyn. Chun Danbo a tháirgeadh, úsáidtear próiseas aibithe screimhe cáise an-speisialta ar a dtugtar "modh na Danmhairge", trína nitear an cháis ionas go ndéantar í a screamh-aibiú ón taobh amuigh. Tagraíonn go leor saothar tagartha idirnáisiúnta maidir le cáis do thionscnamh Danmhargach na cáise.

Tugadh ainm Danbo in 1952 faoi Choinbhinsiún Stresa. Bhí ainm na cáise ina thagairt shoiléir dá tionscnamh Danmhargach, agus ba é an t-ainm "Dan" an fréamhaí Nordach den ainm coitianta "Danerne" ("na Danmhargaigh"), agus ciallaíonn Bo "an cónaitheoir".'

Cúis: Is é is cuspóir don leasú an téacs a ailíniú le teideal na roinne. Thairis sin, bhí faisnéis faoi sheiceálacha sa téacs roimhe seo, rud a mheasaimid a bheith iomarcach toisc go bhfuil seiceálacha den sórt sin intuigthe sna rialacháin ábhartha.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Roinn 5, 'Modh táirgthe', den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Leasaíodh na focail 'Déantar bainne bó amh a chaighdeánú a mhéid a bhaineann le cion saille agus déantar é a phaistéaradh. Cuirtear tosaitheoirí isteach. Cuirtear binid isteach. Gearrtar na gruthanna le scian nuair a bhaintear an teinne iomchuí amach. Corraítear an meascán ansin, draenáiltear meadhg agus téitear é sula mbrúitear na gruthanna faoi mheadhg. Bristear na gruthanna comhbhrúite agus aistrítear na píosaí go múnlaí. Déantar an cháis mhúnlaithe a athbhrú. Déantar na cáiseanna a fhuarú, a shailleadh, a dhromchlachóireáil le saothrán screimhe cáise i gcomhréir le modh na Danmhairge agus déantar iad a aibiú ar feadh fad ama athraitheach, ag brath ar cé chomh haibí a bheidh an táirge críochnaithe. Féadfar an cháis a ní agus a thriomú go roghnach le linn aibithe nó ina dhiaidh agus sula ndéantar í a phacáistiú.

Féach an tsreabhchairt chun Danbo a tháirgeadh in Iarscríbhinn 2 agus an tuairisc ar "Modh na Danmhairge" in Iarscríbhinn 3.'

chuig seo a leanas:

'Tá bainne bó amh caighdeánaithe a mhéid a bhaineann le cion saille agus tá sé paistéartha. Cuirtear tosaitheoirí isteach. Cuirtear binid isteach. Gearrtar na gruthanna le scian nuair a bhaintear an teinne iomchuí amach. Corraítear an meascán ansin, draenáiltear meadhg agus téitear é sula mbrúitear na gruthanna faoi mheadhg. Bristear na gruthanna comhbhrúite agus aistrítear na píosaí go múnlaí. Déantar an cháis mhúnlaithe a athbhrú. Déantar na cáiseanna a fhuarú, a shailleadh agus a dhromchlachóireáil le saothráin screimhe cáise. I gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach sa tsreabhchairt in Iarscríbhinn 1 agus "modh na Danmhairge" ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn 2, is féidir gurb iad *Brevibacterium linens, Corynebacterium casei* agus/nó *Microbacterium gubbeenense* na saothráin screimhe cáise a úsáidtear sa chóireáil.

Déantar na cáiseanna a aibiú ag an monarcha táirgthe go dtí go mbaintear amach a mblas agus a n-uigeacht shainiúil. Ní fhéadfar na cáiseanna a sheoladh lena n-aibiú nó lena stóráil a thuilleadh ag monarcha eile go dtí go mbeidh a saintréithe ar leith faighte acu.

Féadfar an cháis a ní agus a thriomú go roghnach le linn aibithe nó ina dhiaidh agus sula ndéantar í a phacáistiú.'

Cúis: Rinneadh an leasú chun an modh táirgthe a shoiléiriú.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Roinn 6.1, 'Tionscnamh an ainm', den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Sa chéad mhír ina bhfuil na focail ‘In 1952, tugadh ainmneacha Danmhairgise do dheich gcinn de cháiseanna Danmhargacha, Danbo san áireamh, faoi Choinbhinsiún Stresa agus Aireacht Talmhaíocht Ordú Uimh. 80 an 13 Márta 1952. Tá feidhm fós ag na hainmneacha cáise agus na tuairiscí comhfhreagracha inniu i gcomhréir le hOrdú Uimh. 335 an 10 Bealtaine 2004 maidir le táirgí déiríochta etc.’

chuig seo a leanas:

‘In 1952, tugadh ainmneacha Danmhairgise ar 11 cháis thipiciúla Dhanmhargacha, lena n-áirítear Danbo, faoi Choinbhinsiún Stresa agus Ordú Uimh. 80 ón Aireacht Talmhaíochta an 13 Márta 1952.’

Cúis: Leasaíodh an mhír toisc gurb é 11 seachas 10 an líon ceart cáiseanna Danmhargacha. Thairis sin, cuireadh ordú nua in ionad Ordú Uimh. 335 an 10 Bealtaine 2004 maidir le táirgí bainne etc. Scriosadh Danbo agus an tuairisc chomhfhreagrach ón Ordú nuair a cláraíodh an cháis san Aontas mar thásc geografach faoi chosaint.

Mar thoradh ar an leasú sin, tá athrú ar an bpointe maidir le clú i Roinn 5, ‘Nasc leis an limistéar geografach’, den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Roinn 6.1, ‘Tionscnamh an ainm’, den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Sa dara mír ina bhfuil na focail ‘Meascán den dá ainm “Dan” agus “Bo” atá sa téarma “Danbo”’. Is é Dan fréamhaí Nordach an ainm ‘Danerne’ (‘na Danmhargaigh’) a bhfuil tóir air agus ciallaíonn Bo ‘an cónaitheoir’. Dá bhrí sin, is é an t-ainm ‘Danbo’ an téarma stairiúil do dhuine a bhfuil cónaí air sa Danmhairg, agus tugadh an t-ainm sin ar an gcáis sin toisc go measann gach Danmhargach gurb í an cháis Dhanmhargach an cháis is saintréithí.’

curtha in ionad an méid seo a leanas:

‘Is meascán den dá ainm “Dan” agus “Bo” é an téarma “Danbo”. Is é Dan fréamhaí Nordach an ainm “Danerne” (“na Danmhargaigh”) a bhfuil tóir air agus ciallaíonn Bo “an cónaitheoir”. Dá bhrí sin, is é an t-ainm “Danbo” an téarma stairiúil do dhuine a bhfuil cónaí air sa Danmhairg, agus tugadh an t-ainm sin ar an gcáis sin toisc go measann gach Danmhargach gurb í an cháis Dhanmhargach an cháis is saintréithí.’

Cúis: Leasú eagarthóireachta.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Roinn 6.4, ‘Modh táirgthe agus clú saintréitheach’, den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Sa dara mír, scriosadh na focail ‘ag 40 100 tona, is é sin 13 % de tháirgeadh cáise iomláine na Danmhairge’.

Cúis: Rinneadh an leasú toisc gur faisnéis stairiúil í.

Mar thoradh ar an leasú sin, athraítear an pointe maidir le clú i Roinn 5, ‘Nasc leis an limistéar geografach’, den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Roinn 6.4, ‘Modh táirgthe agus clú saintréitheach’, den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Sa cheathrú mír, scriosadh na focail 'Tá feidhm fós ag na hainmneacha cáise agus na tuairiscí lena mbaineann inniu i gcomhréir le hOrdú Uimh. an 10 Bealtaine 2004 maidir le táirgí déiríochta etc.'.

Cúis: Scriosadh an téacs toisc gur cuireadh ordú nua in ionad Ordú Uimh. 335 an 10 Bealtaine 2004 maidir le táirgí bainne etc..

Mar thoradh ar an leasú sin, athraítear an pointe maidir le clú i Roinn 5, 'Nasc leis an limistéar geografach', den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Roinn 6.4, 'Modh táirgthe agus clú saintréitheach', den tsonraíocht táirge

Tuairisc

San ochtú mír, scriosadh na focail 'ag an Seó Déiríochta Náisiúnta agus na seónna limistéir in 2009'.

Cúis: Scriosadh an frása toisc gur faisnéis stairiúil í.

Mar thoradh ar an leasú sin, athraítear an pointe maidir le clú i Roinn 5, 'Nasc leis an limistéar geografach', den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Roinn 7, 'Comhlacht deimhniúcháin agus comhlacht cigireachta', den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Scriosadh an roinn ar fad.

Cúis: Scriosadh an roinn iomlán maidir leis an gcomhlacht deimhniúcháin agus comhlacht cigireachta toisc nach meastar go bhfuil faisnéis maidir le cé atá freagrach as comhlíonadh na sonraíochta táirge a sheiceáil ábhartha lena cur san áireamh sa tsonraíocht. Thairis sin, ní tharmligtear an cúram sin a thuilleadh, ach is é Riarachán Tréidliachta agus Bia na Danmhairge a dhéanann é anois.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Roinn 8, 'Lipéadú', den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Na focail 'Danbo 45+ nó 30+, ag brath ar an gcion saille, móide "tásc geografach faoin chosaint" nó "TGFC" agus/nó siombailí oifigiúla an Aontais.'

cuireadh an méid seo a leanas ina n-ionad:

'Má cuireadh cuimín isteach, ní mór é sin a léiriú ar leithligh ón tásc geografach, ach sa réimse radhairc céanna leis an tásc geografach.'

Cúis: Scriosadh an téacs toisc go meastar go bhfuil an fhaisnéis iomarcach. Tá an ceanglas maidir leis an ainm a fhorlíonadh le 'tásc geografach faoi chosaint' nó 'TGFC' infheidhme cheana féin agus, dá bhrí sin, ní gá é a chur ar fáil arís sa tsonraíocht táirge. Thairis sin, cuireadh isteach an téacs maidir le lipéadú i gcás inar cuireadh cuimín isteach, a áiríodh roimhe seo sa phointe maidir le blastáin eile a fhéadfar a chur le Roinn 2.2, 'Saintréithe', den tsonraíocht táirge (féach leasú Uimh. 6).

Is é an toradh atá ar an leasú seo ná athrú ar Roinn 4.6, 'Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe', den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Roinn 9, ‘Aon cheanglas a leagtar síos i bhforálacha Comhphobail nó náisiúnta’, den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Scriosadh an roinn ar fad.

Cúis: Scriosadh an roinn toisc nach bhfuil aon cheanglas náisiúnta sonrach ann a thuilleadh.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú maidir leis an ngrúpa iarrthach

Tuairisc

Tugadh ainm agus seoladh an ghrúpa iarrthaigh cothrom le dáta agus scriosadh ainm agus seoladh an teagmhálaí.

Cúis: Ceartaíodh ainm agus seoladh an ghrúpa iarrthaigh. Meastar go bhfuil an teagmhálaí, ar tugadh a chuid sonraí roimhe, iomarcach, toisc gur féidir dul i dteagmháil go díreach leis an ngrúpa iarrthach.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú a bhaineann le hIarscríbhinn 1

Tuairisc

Scriosadh Iarscríbhinn 1 agus athuimhríodh na hiarscríbhinní eile dá réir sin.

Cúis: Meastar go bhfuil ábhar Iarscríbhinn 1 iomarcach.

Ní bheidh aon athrú ar an doiciméad aonair mar thoradh ar an leasú sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha táirgí talmhaíochta

‘Danbo’

Uimhir thagartha AE: PGI-DK-00830-AM01 — 16.9.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Danbo’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Danmhairg

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0406 – Cáis agus gruth

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Cáis theann aibithe déanta as bainne bó.

Comhdhéanamh

Cion taise: ag brath ar an tsaill i gcion ábhair thirim, is é seo a leanas an t-uaschion taise:

I gcás saille i gcion ábhair thirim ó 30 % go < 45 %, is é 56 % an t-uaschion taise.

I gcás saille i gcion ábhair thirim ó 45 % go < 50 %, is é 50 % an t-uaschion taise.

Is iad seo a leanas na tréithe saintréitheacha eile

An taobh amuigh:

Craiceann teann le screamh cháise. Féadfar an cháis a chumhdach.

An taobh istigh:

Dath: Scothbhán (nó dath an eabhair) go buí éadrom

Uigeacht: Cé go bhfuil sí bog solúbtha ó thaobh raimhre de, tá sí fós oiriúnach lena gearradh.

Struchtúr: Roinnt nó líon mór súl ar mhéid pise atá scaipthe go cothrom agus atá cruinn go cothrom, suas le 10 mm ar trastomhas den chuid is mó, agus d'fhéadfadh cúpla oscailt scoiltchruthach a bheith inti. Má úsáidtear cuimín, is gnách go mbeidh i bhfad níos lú súl inti a bhfuil cruth neamhrialta orthu.

Boladh agus blas: Blas séimh, beagán aigéadach, aramatach agus sainiúil mar gheall ar an smearaibiú. Bíonn an boladh agus an blas níos suntasaí le haois.

Cruth: Cothrom agus cearnógach nó dronuilleogach

Aibíocht: Baintear amach an blas agus an uigeacht is saintréithe tar éis aibiú ar feadh 2-4 seachtaine ag 7-21 °C.

Blastáin eile is féidir a chur isteach: Féadfar cuimín a chur isteach ar choinníoll go bhfuil sin ina chomhartha sóirt ag boladh agus blas na cáise.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim shonrach táirgthe a dhéanamh sa limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Má cuireadh cuimín isteach, ní mór é sin a léiriú ar leithligh ón tásc geografach, ach sa réimse radhairc céanna leis an tásc geografach.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

an Danmhairg

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas:

☑ clú

☐ cáilíocht

☑ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tá traidisiún an-fhada agus mórtasach ag an Danmhairg maidir le táirgí déiríochta a tháirgeadh. Tá táirgeadh Danbo ina dhlúthchuid den churaclam i scoileanna déiríochta na Danmhairge le breis agus 100 bliain. Dá réir sin, cuireadh oiliúint ar shaineolaithe déiríochta na Danmhairge chun an saineolas riachtanach a fháil chun an tsaincháis Dhanmhargach seo a tháirgeadh.

Stair

In 1889 ceapadh Rasmus Nielsen ina stiúrthóir bainistíochta ar dhéiríocht Kirkeby ar Fyn. Fear bainne díograiseach ab ea é, rud atá soiléir *inter alia* ón bhfíoras gur formheasadh an déiríocht mar bhunaíocht oiliúna d'fhir bhainne a raibh deontas stáit á fháil acu. In 1896 bhronn rialtas na Danmhairge deontas air chun staidéar a dhéanamh ar tháirgeadh cáise thar lear. An geimhreadh dár gcionn, thóg sé ceachtanna sa Ghearmáinis agus in earrach 1897 thaistil sé go dtí oirthear na Prúise feadh na teorann leis an Rúis. Steip a bhí sa talamh ansin agus bhí féarthailte fairsinge ann. Bhí cáil ar na déiríochtaí ansin mar dhéantóirí maithe cáise.

Chun tús a chur lena thréimhse staidéir ar an déiríocht, fuair sé litir mholta ón Ollamh Bernhard Bøggild ó Ollscoil Ríoga Tréidliachta agus Talmhaíochta na Danmhairge. Dá bhrí sin, glacadh go maith leis ag an iliomad déiríochtaí beaga a bhí le fáil in oirthear na Prúise. Ba é an cúram a bhí air doiciméid a rianú agus eolas a fháil ar na teicnící a úsáideadh chun na speisialtachtaí cáise míne a dhéanamh, speisialtachtaí a táirgeadh in oirthear na Prúise ag an am sin.

I ndiaidh dó a bheith in oirthear na Prúise, chuaigh Nielsen go dtí an Ollainn áit ar oibrigh sé i dtáirgeadh cáise i roinnt déiríochtaí éagsúla. D'fhill sé abhaile go déiríocht Kirkeby i bhfómhar 1897 tar éis dó neart eolais agus taithí nua a fháil. Ar ais sa bhaile, thosaigh sé láithreach ag baint triail as gach rud a d'fhoghlaim sé.

Ón tús, bhí sé cinnte nach raibh sé ag iarraidh aithris a dhéanamh ar aon cheann de na cáiseanna a chonaic sé, ach leas a bhaint as a thaithí uile chun cáis an-speisialta a dhéanamh. Cáis iomlán nua.

Ba í gné speisialta na cáise nua a tháirg Nielsen gur cáis chearnógach 'opstukken' a bhí inti le haibiú dromchla screimhe cáise an-speisialta. Ag an am sin, ba rud iomlán nua í cáis 'opstukken' a bheith cearnógach. Bhí an t-aibiú screimhe cáise speisialta freisin sa mhéid go ndearnadh tuaslagán ina raibh saothráin bhaictéaracha agus ghiosta a chuimilt isteach i gcraiceann na cáise.

Rinneadh go maith le díolacháin na cáise nua, agus de réir a chéile thosaigh go leor déiríochtaí éagsúla ag déanamh an chineáil sin cáise.

Roimh an Dara Cogadh Domhanda táirgeadh cáis sa Danmhairg don mhargadh intíre den chuid is mó. Tar éis an chogaidh agus go háirithe sna 1950idí, tháinig méadú ar tháirgeadh cáise agus mar gheall ar an ardú ar onnmhairí, bhí ar an Danmhairg í féin a chur ar mhargaí onnmhairiúcháin le gnáthainmneacha cáise Danmhargacha chun bheith in ann cáiseanna na Danmhairge a thaispeáint agus iad á margú in éineacht le táirgí talmhaíochta aitheanta eile de chuid na Danmhairge. Tugadh an t-ainm oinigh Danbo ar an gcáis sin. Tá sé sin ar cheann de na cúiseanna ar áiríodh Danbo i gCoinbhinsiún Stresa agus ina dhiaidh sin sa *Codex Alimentarius*.

Sainiúlacht an táirge

Tá Danbo ar cheann de na cáiseanna is tipiciúla sa Danmhairg agus i gcás táirgeoirí déiríochta na Danmhairge is í an gnáthchineál cáise 'opstukken' í. Tá blas an-sainiúil dá cuid féin ar Danbo. Tá sí séimh, beagán aigéadach, aramatach agus tá aibiú screimhe cáise ina chomhartha sóirt aici. Tugann cion ard taise Danbo, i gcomparáid le cáiseanna comhchosúla eile, boige agus solúbthacht di freisin nach n-aimsítear i gcáiseanna eile, agus í fós éasca le gearradh.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht shonrach, an clú atá ar an táirge nó saintréithe eile a bhaineann leis

Tá cosaint Danbo mar thásc geografach bunaithe ar a modh táirgthe saintréitheach agus ar a cáil.

Modh táirgthe

Chun Danbo a tháirgeadh, úsáidtear próiseas aibithe screimhe cáise an-speisialta ar a dtugtar 'modh na Danmhairge', trína nitear an cháis ionas go ndéantar í a screamh-aibiú ón taobh amuigh. Tá an próiseas aibithe screimhe cáise sin ríthábhachtach do bhlas an-sainiúil na cáise, blas atá glactha ag na Danmhargaigh ach nach bhfuil tarraingteach do blas eile mhuintir na hEorpa. Gné ar leith de tháirgeadh Danbo is ea cainníochtaí móra uisce a chur isteach. Tá raimhre shaintréitheach na cáise is cúis leis sin i bpáirt. Bhí teagasc maidir le Danbo a dhéanamh ina ghnáthchuid – agus tá sé fós ina ghnáthchuid – d'oiliúint na bhfear bainne sa Danmhairg, agus dá bhrí sin tá tagairtí do dhéanamh Danbo le fáil i líon mór lámhleabhar oiliúna. Le breis agus 100 bliain, cuireadh oiliúint ar fhir bhainne, teicneoirí déiríochta, teicneolaithe déiríochta agus innealtóirí déiríochta sa Danmhairg maidir le conas Danbo a dhéanamh. I bhfianaise na dtraidisiún seanbhunaithe a chuirtear ar aghaidh trí oiliúint agus tríd an modh speisialta táirgthe agus aibithe a úsáidtear sa Danmhairg, ní mór Danbo a tháirgeadh agus a aibiú i siopaí aibithe sa Danmhairg.

Clú

In 1952, tugadh ainmneacha Danmhairgise ar 11 cháis thipiciúla Dhanmhargacha, lena n-áirítear Danbo, faoi Choinbhinsiún Stresa agus Ordú Uimh. 80 ón Aireacht Talmhaíochta an 13 Márta 1952.

Is meascán den dá ainm 'Dan' agus 'Bo' é an téarma 'Danbo'. Is é Dan fréamhaí Nordach an ainm 'Danerne' ('na Danmhargaigh') a bhfuil tóir air agus ciallaíonn Bo 'an cónaitheoir'. Dá bhrí sin, is é an t-ainm 'Danbo' an téarma stairiúil do dhuine a bhfuil cónaí air sa Danmhairg, agus tugadh an t-ainm sin ar an gcáis sin toisc go measann gach Danmhargach gurb í an cháis Dhanmhargach an cháis is saintréithí.

Aithnítear Danbo mar speisialtacht de thionscnamh na Danmhairge. De réir suirbhé a rinneadh le déanaí ar thomhaltóirí, tá cur amach ag formhór mór thomhaltóirí na Danmhairge ar Danbo agus tuigeann siad an bhaint atá aici leis an Danmhairg. Ós rud é go bhfuil táirgeadh agus tomhaltas Danbo comhchruinnithe sa Danmhairg, is fearr aithne ar Danbo i measc thomhaltóirí na Danmhairge. Léiríodh sa suirbhé go bhfuil fíorbheagán daoine, nach Danmhargaigh iad, ar an iomlán a bhfuil cur amach acu ar Danbo.

Mar gheall ar chineál speisialta na cáise, go háirithe a blas sainiúil agus a raimhre ar leith, is cáis í Danbo nach bhfuil a leithéid eile ann. Is í Danbo an cháis is coitianta a itear sa Danmhairg. Mar gheall ar an ngné ar leith a bhaineann léi, is iad na Danmhargaigh amháin, nach mór, a itheann í.

Is sa Danmhairg is mó a dhéantar Danbó a tháirgeadh agus a thomhailt agus meastar inniu gurb í Danbo cáis náisiúnta na Danmhairge.

Bhí páirt ag cáis Danbo i seónna agus i gcomórtais go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon agus bhuaigh sí líon mór gradam. Tá Danbo ina ghné bhuan i dtaispeántais náisiúnta le breis agus 100 bliain. Bhí agus tá go fóill go leor feachtais fógraíochta ann a bhaineann go sonrach le Danbo, ar cáis uathúil í a chomhlíonann ceanglais fhormhór na dtomhaltóirí maidir le cáis mhaith atá oiriúnach go háirithe lena slisniú. Tagraíonn go leor saothar tagartha idirnáisiúnta maidir le cáis do thionscnamh Danmhargach na cáise. Úsáidtear Danbo freisin i líon mór oideas Danmhargach.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://foedevarestyrelsen.dk/Media/638931888219943336/Produktspecifikation%20for%20Danbo%20-%20110925.pdf